

**ABAIR LEAT  
HAVE YOUR SAY  
HAE YER SPAKE**  
THE NEW IRELAND IS FOR EVERYONE



# TIONÓL GHAELTACHT CHONAMARA

**Tuarascáil  
Thionól Ghaeltacht Chonamara  
27 Samhain 2023**



**Sinn Féin**

[www.sinnfein.ie/futureofireland](http://www.sinnfein.ie/futureofireland)

Chuir Sinn Féin an Coimisiún um Thodhchaí na hÉireann (An Coimisiún) ar bun i mí Iúil na bliana 2022. Is é a shainchúram ná dul i mbun comhairliúcháin dhomhain le muintir na hÉireann agus níos faide i gcéin ar thodhchaí na hÉireann.

Tá Tionóil Phobail agus cruinnithe earnála á n-eagrú ar fud na tíre agus go hidirnáisiúnta le dul i ngleic leis an gcúram seo. Chomh maith leis sin, tá aighneachtaí scríofa á mbailiú agus á gcur le chéile, agus bíonn socruithe príobháideacha eile idir lámha againn chomh maith.

D'óstáil an Coimisiún 10 n-imeacht poiblí go dtí seo agus tá breis agus 200 aighneacht scríofa faighte againn ó réimse leathan daoine agus grúpaí éagsúla.


Is féidir leatsa aighneacht scríofa a leagan isteach i bhfoirm r-phoist ach scéala a chur chugainn ag [commission@sinnfein.ie](mailto:commission@sinnfein.ie). Mar mhalairt air sin, féadann tú aighneacht a leagan isteach tríd an suíomh gréasáin a leanas: [www.sinnfein.ie/futureofireland](http://www.sinnfein.ie/futureofireland)

Declan Kearney CTR atá mar chathaoirleach ar an gCoimisiún, agus tá an Seanadóir Lynn Boylan ina leaschathaoirleach.

Seo tuairisc ón Tionól Pobail i nGaeltacht Chonamara a réachtáladh sa Chroimpán ar an gCeathrú Rua ar an 27 Samhain 2023.

Tá fiseán de Thionól Ghaeltacht Chonamara ar fáil ar YouTube:

## Galway Gaeltacht People's Assembly - YouTube



Ceapadh  
Cathaoirleach  
Shinn Féin, Declan  
Kearney, mar Chathaoirleach ar  
an gCoimisiún.  
Beidh an Seanadóir Lynn Boylan  
ina Leas Chathaoirleach.



## RÉAMHRÁ

“Tugann Éire nua aontaithe deiseanna iontacha dúinn forbairtí móra a dhéanamh i gConamara, sa Ghaeltacht agus in Iarthar na hÉireann trí chéile. Is iontach an tréimhse atá ann dúinn ar fad, lán de dheiseannaí agus de dhóchas fá choinne todhchaí níos fearr.” – Piaras Ó Dochartaigh TD

‘Abair Leat – is linne ar fad an Éire nua’ a bhí mar théama an chruinnithe. Ba í Máirín Ní Ghadhra - an craoltóir agus an t-iriseoir aitheanta - an cathaoirleach neamhspleách ar an oíche. Dúirt sí ag an tús gur mhór an onóir a bhí ann do mhuintir Chonamara an chéad Tionól Pobail a reachtáladh go hiomlán trí mheán na Gaeilge a óstáil.

I measc na gcainteoirí ar an bpainéal bhí Breandán Ó Beaglaoidh, Ceoltóir agus Feachtasóir; Róisín Ní Chinnéide, Bainisteoir Abhcóideachta le Conradh na Gaeilge; agus Máirín Ní Choisdealbha-Seoighe, Gníomhaí Pobail.

## PRÍOMHTHÉAMAÍ:

- Easpa infreastruchtúir sna ceantair Ghaeltachta
- Eisimirce aos óg na Gaeltachta [laistigh agus lasmuigh d'Éirinn]
- Infheistíocht agus Fostaíocht chuí sa Ghaeltacht
- Cúrsaí Tithíochta sa Ghaeltacht
- Seirbhísí trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht



## **Aitheasc Tosaigh ó Phiaras Ó Dochartaigh TD**

Ina aitheasc tosaigh, thug Piaras Ó Dochartaigh TD cuntas ar na dúshláin shuntasacha atá roimh mhuintir na Gaeltachta, lena n-áirítear: an ghéarchéim leanúnach sa chostas maireachtála; imeallú agus míbhuntáiste eacnamaíoch; teipeanna infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar rithábhachtach amhail bóithre, iompar poiblí agus leathanbhanda; eisimirce mar gheall ar easpa post, deiseanna agus tithíochta; tearc-infheistíocht i seirbhísí cúram sláinte.

Luaigh sé an easpa airde a tugadh don Ghaeltacht agus don iarthar trí chéile le fada an lá: “Le blianta fada, tá muintir an Iarthair ag fulaingt de bharr rialtais de chuid Fhianna Fáil agus Fine Gael. Dearnadh imeallú orainn agus cuireadh faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch muid le fada. Tá taití na mblianta againn sa Ghaeltacht, i gceantracha tuaithe agus i mbailte beaga den chrá croí a bhaineann le daoine óga ag dul ar an bhád bhán mar gheall ar easpa jabanna, deiseanna agus tithíochta. Tá daoine óga an Iarthair ag fanacht blianta fá choinne cúram sláinte sásúil



agus caithfidh seandaoine leathanta a chaitheamh ar thralaithe in ospidéal de réir mar a theipeann ar sheirbhísí mar gheall ar easpa infheistíochta. Forbairt mhíchothrom ó cheann ceann na tíre is cúis leis seo ar fad.”

Tharraing Piaras aird freisin ar na féidearthachtaí i dtaobh tuilleadh forbartha don Ghaeltacht in Éirinn Aontaithe agus ar an gcur is an cúiteamh ata ar siúl anois maidir le todhchaí pholaitiúil an oileáin “i dteaghlach, san áit oibre, sna hollscoileanna, in ionaid phobail agus ag an pháirc spóirt ar an Domhnach”. Thug sé breac-chuntas ar an gcomhthéacs polaitiúil mar atá – Breatimeacht; treochoí toghcháin; pobalbhreitheanna agus torthaí daonáirimh le déanaí.

Dúirt Piaras gurb é cuspóir an Tionóil Phobail ligean do ghnáthdhaoine a dtuairimí a chur in iúl faoinár dtodhchaí chomhroinnte, beag beann ar a dtuairim nó ar a ndearcadh polaitiúil. Leag sé béim ar a thábhachtaí atá sé don rialtas Tionól Saoránach a bhunú le plé a dhéanamh ar an athrú bunreachtúil agus le tús a chur leis an bpleanáil do reifreann ar an aontacht.

Labhair sé faoin ngá le hoileán a chruthú a mbeidh fáilte roimh an uile dhuine ann, ina gcosnófar seirbhísí poiblí, ina gcruthófar poist ar phá réasúnta agus ina mbunófar socruithe agus struchtúir dhaonlathacha nach bhfágann éinne taobh thiar. Chuir sé béim ar an bhfreagracht atá ann teagmháil a dhéanamh leis an Aontachtachas agus an rithábhacht a bhaineann lena ról féin sa phlé ar fad.



## AN PAINÉAL



Chuir an cathaoirleach neamhspleách, **Máirín Ní Ghadhra** an painéal i láthair. Chuir sí fáilte roimh an slua a bhí bailithe agus mheabhraigh sí don chruinniú gurb í aidhm an tionóil seo deis a thabhairt do mhuintir na Gaeltachta plé a dhéanamh ar aontú na hÉireann agus an fhís atá acu i leith thodhchaí na Gaeltachta in Éirinn Aontaithe a chur i láthair agus a phlé.



### **Breannán Ó Beaglaoich, Ceoltóir agus Feachtasóir**

Tharraing Breannán aird an tionóil ar rialacháin phleanála sa Ghaeltacht agus an easpa infheistíochta atá á déanamh i dtograí infreastruchtúir cosúil leis an gcóras séarachais. Mhínigh sé gur bac na

deacrachtaí seo ar thithe a thógáil agus ar chlann a thógáil le Gaeilge sa Ghaeltacht. Mhothaigh sé go bhfuil pobail Ghaeltachta agus an Ghaeilge féin “á scrios” dá bharr seo.

Dúirt Breannán: “Mhair an Ghaeltacht le linn réimeas Shasana agus le linn an Ghorta, ach tá sí anois á tachtadh. Gan cead ag muintir na Gaeltachta cónaí sa Ghaeltacht, beidh an teanga mar a bheadh an Laidin. Ní bheidh aon ghá le TG4, Raidió na Gaeltachta ná Údarás na Gaeltachta má fhágann na daoine an Ghaeltacht.”

“Is dóigh liom go gcaithfear na rialacha pleanála atá ann a réabadh ó bhonn, níl siad ag obair. Cloisimid caint ar clusters. Tá clusters againn, tugaimid ár mbailte orthu. Tá ainmneacha na ngort againn, ainmneacha na mbóithríní, ainmneacha na gcloch, agus tá stair iontu. Fillimis ar na rialacha a shín ár muintir chugainn, agus na tithe a thógaint sna clusters seo.”

Dúirt sé gur cheart dúshlán an údaráis chuí a thabhairt agus go bhfuil ról cumhachtach ag ceoltóirí agus ealaíontóirí san fheachtas sin.

Arsa sé: “Fis eile atá agam don Ghaeltacht ná go ndéanfaí athbhrandáil uirthi, in ionad a bheith ag caint ar neamh-Ghaelainne, agus breac-Ghaeltachtaí agus ag tabhairt amach fúinn féin. Cruthaíodh Gaeltacht i gcontae na Mí, cad ina thaobh nach meallfaimis daoine isteach sa Ghaeltacht atá gael-aigeanta, cuma cad as dóibh, má theastaíonn uathu clann a thógaint le Gaelainn.”



### **Róisín Ní Chinnéide, Bainisteoir Abhcóideachta le Conradh na Gaeilge**

Mhínigh Róisín gur fhreastail sí ar bhunscoil agus ar mheánscoil lán-Ghaeilge sular thug sí faoi chéim sa dlí trí mheán na Gaeilge i gColáiste na Ollscoile, Corcaigh. Is mar gheall ar na deiseanna oideachasúla lán-Ghaeilge sin atá saol trí Ghaeilge anois aici.

Dúirt sí gur chuir Conradh na Gaeilge féin Tionól Gaeltachta ar bun i nGaoth Dobhair le linn samhradh 2023 faoin téama “An Ghaeltacht in Éirinn Aontaithe.” Thug sí aird chomh maith ar fheachtais de chuid Chonradh na Gaeilge ar son na Gaeltachta. Mar chuid den fheachtas sin rinneadh iarrachtaí na deacrachtaí pleanála atá ag muintir na Gaeltachta a chur in iúl go soiléir don rialtas.



Dúirt sí go bhfuil saol na Gaeilge níos bríomhaire sa Bhruiséil ná mar atá sé sa chuid is mó d'Éirinn agus go bhfuil meas níos mó ag Institiúidí na hEorpa ar an teanga – “Tá stádas na Gaeilge san Eoraip cothrom le haon teanga eile ann.” Dúirt sí go bhféadfadh Éire Athaontaithe samhail na hEorpa a úsáid chun seirbhísí Gaeilge a chinntiú don phobal.

Tharraing sí aird freisin ar fheachtasaíocht Ghaeilge ó thuaidh agus an mana atá ag an Dream Deag: ‘na habair é, dean é’. Dúirt sí gur trí mheán na Gaeilge agus eagraíochtaí Gaeilge a chuir sí aithne ar phobail agus ar Ghaeil ó thuaidh, i mBéal Feirste ach go háirithe. Is féidir leis an nGaeilge naisc thuaidh-theas a éascú agus a chothú ar an gcaoi sin.



### **Máirín Ní Choisdealbha-Seoighe, Gníomhaí Pobail**

Labhair Máirín faoin imní atá uirthi maidir le todhchaí na Gaeltachta ach ar an láimh eile luaigh sí an ceangal atá ag fás idir muintir na Gaeltachta agus Gaeil Bhéal Feirste le roinnt blianta anuas. Dúirt sí gur údar misnigh atá ann di daoine óga i mBéal Feirste a chloisteáil ag labhairt na Gaeilge le chéile.

Dar léi is iad an dá mhórsprioc a bhíonn roimpi ná a bheith ag iarraidh “troid ar son na Gaeilge agus feabhas a chur ar shaol na Gaeltachta”. Ina saol féin mar bhean Ghaeltachta agus ina cuid oibre mar ghníomhaí pobail, feiceann Máirín na fadhbanna móra atá sa Ghaeltacht, ar cheann acu nach bhfuil daoine in ann fanacht ina bpobal féin agus saol a thógáil.

Tharraing sí aird ar an easpa infheistíochta san infreastruchtúr i gceantair Ghaeltachta thar bhlianta fada, go háirithe an córas séarachais, agus go bhfuil “teaghlai gh ag fágáil na háite mar gheall air sin. Mar nach féidir leo tithe a thógáil.” “Caithfear an Ciste Infheistíochta Gaeltachta a thabhairt ar ais, go mbeadh an chumhacht ag muintir na Gaeltachta ó thaobh cúrsaí infrastruchtúir.”

Chuir sí fáilte roimh thoghchán poiblí an athuair do bhord Údarás na Gaeltachta ar mhaithe leis an trédhearcacht agus deis a chruthú do mhuintir na Gaeltachta stocaireacht a dhéanamh ar son bhunriachtanais an phobail. Thagair sí chomh maith don Chomhairle Chontae agus dúirt go raibh pobal Chonamara Láir in ann “dul isteach agus brú a chur ar an gComhairle maidir le córas séarachais i gCarna” ach mhínigh sí freisin nach bhfuil “dóthain acmhainní ag an

gComhairle Chontae” ach oiread.

Mhothaigh sí gur cheart níos mó tacaíochta a thabhairt do phleananna gnímh/ phleananna teanga a thagann ón bpobal sa chaoi is gur féidir forbairt phobail atá riachtanach, tomhaiste agus ciallmhar a dhéanamh sa Ghaeltacht.

## **CAINTEOIRÍ ÓN ÚRLÁR:**

### **Seán Mac Donncha, Oifigeach Pleanála Teanga, Glór na nOileán**

Dúirt Seán gur cheart go mbeadh ionadaí polaitiúil amháin sa Dáil a bhfuil cúrsaí Gaeltachta faoina c(h)úram agus a bhíonn “ag troid ar son mhuintir na Gaeltachta”. Mheas sé go bhfuil “líon na ndaoine atá ag labhairt Gaeilge ag titim. I ngiarracht 5 bliana beidh sí imithe” mar gheall gurb éigean do mhuintir na Gaeltachta imeacht óna gcuid pobal féin. Maidir le cás na Gaeltachta, dúirt sé “[nach bhfuil] an chumhacht ann, níl an infheistíocht ann, níl an t-infreastruchtúr ann, níl na daoine ann”. Tá sé den bharúil gur chuige seo a cuireadh Údarás na Gaeltachta ar bun an chéad lá riamh.

### **Colm Ó Cinnseala, Fóram Pleanála Teanga Chois Fharráige**

Luaigh Colm go bhfuil tuairim is 2,800 teaghlach sa Ghaeltacht oifigiúil ag tógail clainne le Gaeilge agus gur gá “chuile iarracht a dhéanamh gach páiste bheith dátheangach” in Éirinn Aontaithe. Dúirt sé gur “seoid náisiúnta” aon ghasúr atá á thógáil le Gaeilge agus luaigh sé go bhfuil dualgas ar an stát agus ar thuismitheoirí araon san iarracht sin ach go bhfuil tábhacht faoi leith ag spásanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht agus taobh amuigh di. Is “sochaí chultúrtha” í an Ghaeltacht dar leis agus luaigh sé an deacracht a bhaineann le daoine nach bhfuil aon Ghaeilge acu ar cur fúthu sa Ghaeltacht. Thug sé aird freisin ar thaighde a rinne sé ar Oileán Reachlainn amach ó chósta Chontae Aontroma, mar a mbíodh cainteoirí Gaeilge Protastúnacha le fáil go dtí na 1930idí agus nach raibh aon aird ar chúrsaí creidimh. Dúirt sé go bhfuil “Doras na Gaeltachta oscailte” do dhaoine de gach creideamh.

Mhol Colm Scéim Labhartha na Gaeilge nua a chruthú a bheadh ar fáil do theaghligh ón uair atá bean ag iompar. Faoin scéim atá á moladh ag grúpaí feachtasaíochta bheadh €5,000 in aghaidh na bliana ar fáil i gcomhair gach gasúr bunscoile agus meastar gur €10 milliún in aghaidh na bliana a chosnódh sé.

### **John Bhaba ‘Jeaic’ Ó Conghaola, Leitir Mealláin.**

Dúirt John gur cheart go mbeadh eagraíocht amháin ann atá in ann a chinntiú go gcuirtear cúinsí áitiúla san áireamh nuair atá talamh nó tithe le díol sa Ghaeltacht. Nuair a cheannaítear teach sa Ghaeltacht agus nach mbíonn daoine aonair/teaghlach ann le gasúir a chur chuig scoileanna áitiúla, nó úsáid a bhaint as áiseanna agus siopaí sa cheantar nó Gaeilge a labhairt fiú, déanann sé sin dochar do staid eacnamaíoch agus staid theangeolaíoch an cheantair sin. Tá an méid sin feicthe aige i gConamara Theas le deich mbliana anuas.

### **Máire Uí Mhaoláin, Comhar na nOileán**

Mhol Máire go mór an Tionól Pobail agus d’inis sí don chruinniú faoi shuirbhé a rinne Comhar na nOileán mar gheall ar chúrsaí titheíochta sna hoileáin. Chuir Máire in iúl go bhfuil 60% de na hoileáin sa Ghaeltacht; 15 oileán bánaithe le 30 bliain; laghdú de 50,000 ar dhaoine na n-oileán go níos lú ná 3,000 san iomlán; 99% d’oileán Inis Oírr ina ceantar caomhnaithe. Dar leis an suirbhé a rinne siad, “An bhagairt is mó do dhaoine na n-oileán ná cúrsaí titheíochta.” Mhothaigh sí nach féidir “brath ar Údarás ná ar an Stát níos mó” agus go gcaithfidh muintir na n-oileán an obair a dhéanamh dóibh féin. Dúirt sí go bhfuil “teip iomlán déanta ag Stát na hÉireann ar oileáin na hÉireann ó 1922 nuair a rugadh an stát”. Ar na moltaí a luaigh sí bhí “ceantar saor ó cháin” a bhronnadh ar na hoileáin ar fad amuigh ón gcósta agus ciste stáit speisialta do na hoileáin.

### **Aindriú de Buitléir, An Cheathrú Rua**

Tá Aindriú páirteach i bhfeachtais éagsúla pobail ar mhaithe le Dlúthphairtíocht do Mhuintir na Palaisíne, Take Back the City, The Irish Housing Network agus grúpaí eile nach iad. Rinne seisean plé ar

ghéarchéim na timpeallachta agus an ceangal atá aige leis an ngéarchéim tithíochta agus leis an ngéarchéim teanga: “I ndáiríre cén mhaith a bheith ag caint ar an am atá romhainn gan trácht a dhéanamh ar an ngéarchéim timpeallachta atá fíorphráinneach. Mura bhfuil muid ag tabhairt aghaidh air seo, níl aon teacht slán ag an nGaeilge, níl aon athnuachan os ár gcomhair.”

Luaigh sé líon na dtithe Air B&B agus an tábhacht atá le polasaithe chun “srian a chur” orthu mar cheann de na cinnithe radacacha a theastaíonn.

### **Pádraic Ó Táilliúra, Ros An Mhíl**

Tharraing Pádraic aird an tionóil ar na dúshláin is mó a bhíonn roimh na ceantair Ghaeltachta ar fad. Ina measc tá: easpa dochtúirí agus seirbhísí tábhachtacha sláinte (13 leapa fágtha folamh san ionad sláinte mar gheall nach féidir leo altra a fhostú ann), daoine óga ag dul ar imirce, deacrachtaí leis an gcead pleanála, an droch-chaoi atá ar an ngréasán bóithre. Níl cead pleanála ag muintir na Gaeltachta. Luaigh sé séarachas chomh maith.

### **Patricia O’Hara, An Spidéal**

Chuir Patricia roinnt ceistanna faoi stádas na Gaeilge in Éirinn Aontaithe “Dá mbeadh Éire Aontaithe againn amárach, céard a dhéanfaí don teanga? An mbeadh reifreann againn maidir le stádas na Gaeilge?”

### **Pádraig Ó Sabhain, Leitir Móir**

Labhair sé faoi stádas na Gaeilge in Éirinn Aontaithe agus chreid sé nach bhféadfaí an teanga aon cheo a chailleadh mar “níl stad ceart ag an nGaeilge faoi láthair (..) Is í an Ghaeltacht ‘tobar’ na Gaeilge agus tá sí rithabhachtach do thodhchaí na teanga. Tá sé in am deireadh a chur leis an gcaint agus gníomhú a dhéanamh.”

### **Méadhbh Ní Eadhra, Iriseoir agus Scríbhneoir**

Phléigh Méadhbh ceist an oideachais in Éirinn Aontaithe. Is ábhar imní di an easpa cinnteachta faoi stádas éigeantach a bheith ag an nGaeilge sa

chcóras oideachais amach anseo – “An mbeidh an Ghaeilge mar ábhar éigeantach sna scoileanna? An mbeidh sí ag teastáil chun dul ar ollscoil? An mbeidh sí ag teastáil chun dul isteach sa státseirbhís? Tá go leor scoláirí ag fáil díolúine ón nGaeilge agus ní gá dóibh an scrúdú a dhéanamh.”

### **Jimmy Ó Ráinne, Comhairle Ceantar na nOileán**

Leag Jimmy béim ar leith ar an tábhacht a bhaineann le deiseanna fostaíochta a chruthú sna Gaeltachtaí agus córas ceart bóithrí/iompar poiblí (“Nuair a fhágann tú Ceantar na nOileán ag a 6 a chlog ar maidin le dul ag obair ag a 8 a chlog, tá rud éigin mícheart ansin. Ní hionadh nach bhfuil an dream óg ag iarraidh fanacht sa Ghaeltacht”).



## CONCLÚID:

Bhí an-rath ar Thionól Ghaeltacht Chonamara. Bhí breis is 200 duine i láthair ag an gcomhdháil sa Chrompán. Mhair an plé tuairim is dhá uair a chloig agus b'iontach an comhrá ar thodhchaí na hÉireann é.

Ag deireadh an chruinnithe, thacaigh an halla d'aon ghuth leis an ngairm ar Rialtas na hÉireann Tionól Saoránach a reáchtáil agus tús a chur leis an bpleanáil do reifreann na hAontachta mar a leagadh amach i gComhaontú Aoine an Chéasta é.

Bhí ról tábhachtach ag Tionóil na Saoránach le 10 mbliana anuas agus sochaí na hÉireann á hathmhúnlú againn. Luíonn sé le ciall go mbeadh ról ag an Tionól Saoránach i múnú ár dtodhchaí.

Chuir go leor den tráchttaireacht ar an oíche an gortú agus an fhearg a mhothaíonn muintir Chonamara agus muintir na n-oileán in iúl. Mothaíonn siad gur lig rialtas an deiscirt i ndearmad iad agus go ndearna an rialtas neamhshuim díobh. Labhair an dream a bhí i láthair ar an oíche ar an bhfís atá acu dá gceantar agus don Ghaeilge in Éirinn Aontaithe, in Éirinn nua. Labhair go leor daoine go paiseanta ar an tábhacht a bhainfeadh le cosaint bhunreachtúil don teanga.

Thagair roinnt tráchttaireachtaí do na buntáistí eacnamaíochta a bhainfeadh le haontacht na hÉireann; buntáistí córas sláinte uile-Éireann a mhaoineofaí le cánachas díreach; an dochar a bhain leis an mBreatimeacht; an rannpháirtíocht leis an bpobal Protastúnach/Aontachtach, agus an gá le hÉirinn nua a d'fháilteodh roimh chách ar bhonn an chomhionannais agus an mheasa.

Tá an díospóireacht ar Éirinn Aontaithe anois i lár an aonaigh. Tá sé i mbéal na ndaoine go laethúil agus tá an t-éileamh ar reifreann na haontachta – mar a leagadh amach i gComhaontú Aoine an Chéasta é - ag dul i méid.

Is comhráthóir de chuid Chomhaontú Aoine an Chéasta é rialtas na hÉireann. Tá dualgas air an Comhaontú a chosaint trí phleanáil a dhéanamh i dtreo na todhchaí. Pleanálaimid ar fad do thodhchaí ár saol. Ní mór don rialtas deireadh a chur lena chur i gcoinne ar an gceist seo.

Tá sé rithábhachtach go gcruthóimidne - an dream atá ar son Éireann Aontaithe

– an spás dóibh siúd atá ina coinne, nó dóibh siúd nár tháinig ar thuairim dhaignean go fóill ach a bhféadfaí an cás a áiteamh orthu.

Éire nua, socraithe, aontaithe atá ó Shinn Féin. Ba mhaith linn Éire chothrom a thógail, mar a mbeadh eacnamaíocht rathúil inti mar aon le hionchuimsitheacht shóisialta agus chultúrtha. Ba mhaith linn ár gceantair Ghaeltachta agus an Ghaeilge a chosaint.

An comhionannas atá mar shlat tomhais againn agus ár bpolasaithe á réiteach. Ciallaíonn sé seo gur gá dúinn cosaint a thabhairt do na daoine is leochailí; daoine aosta, páistí, iad siúd atá breoite, mionlaigh eitneacha, iad siúd le míchumas. Is féidir é seo ar fad a dhéanamh chomh maith céanna lenár gcultúr a chosaint agus na ceantair Ghaeltachta a shábháil.

Mar fhocal scoir, impíonn Sinn Féin ar gach duine a bhfuil suim acu sna deiseanna a bhainfeadh le hÉirinn Aontaithe gníomhú ar an ábhar seo.

Bígí linn sa chomhrá.





 **SinnFein**

 **@sinnfeinireland**

 **@sinn\_fein**

 **www.sinnfein.ie**